COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 2
COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACHT DHIGITEACH

Rewarding Learning

Córais Cheapadóireacht Dhigiteach a Luacháil

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- A mhíniú mar ba chóir luacháil a úsáid lena chinntiú gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir le réiteach:
  - Comhlíonann sé an bhunsonraíocht dearaidh;
  - Gur réiteach iomlán críochnaithe é;
  - Gur réiteach éifeachtúil é; agus
  - Feidhmíonn sé ar ardán cuí.

Inneachar

- An dóigh leis an réiteach a luacháil
- An dóigh le luacháil a scríobh

An dóigh leis an réiteach a luacháil

Agus tú ag luacháil ar cruthaíodh réiteach go héifeachtach, is fearr tosú leis an bhunsonraíocht dearaidh agus riachtanais an úsáideora. Ba chóir duit ceist a chur ort féin “an ndearna tú an rud a bhí beartaithe agat a dhéanamh? Cad é a shíleann daoine eile? Cad é mar a oibríonn an córas? An ndéanann sé an obair ar dearadh é lena dhéanamh?”

Lena chinntiú go bhfuil an réiteach iomlán, ní mór é a thástáil le húsáideoirí eile seachas an forbróir, agus is é is fearr ná sampla de na húsáideoirí ar cruthaíodh an réiteach dóibh. Ba chóir aiseolas a fháil ó gach tástálaí agus é a úsáid leis an luacháil a chomhlánú. Aon fhadhbanna atá ann leis an réiteach, ba chóir iad a imscrúdú agus más gá, iad a dheisiú.

Tóg gach riachtanas ar a sheal agus tástáil an réiteach lena chinntiú go gcomhlánaíonn sé gach ceann. Má tá riachtanas ann nár comhlíonadh go hiomlán go fóill, ba chóir cosaint a thabhairt maidir leis an fháth nár cuireadh sin i gcrích.
Más amhlaidh nár comhlíonadh an réiteach ina iomláine, ní mór fáthanna a thabhairt, mar shampla:

- An raibh laincisí ama ann ionas go raibh sé dodhéanta réiteach fóirsteanach a thógáil?
- An raibh laincisí crua-earraí nó bogearraí ann a d’fhág go raibh sé deacair réiteach fóirsteanach a thógáil? i.e. nuair a bhí an suíomh gréasáin á thógáil, an raibh air bheith infheidhmthe ar a lán brabhsálaithe gréasáin?
- An raibh laincisí airgid ann?

Ag an phointe seo, ní mór don fhorbróir smaoineamh ar na himpleachtaí a bhaineann le réiteach a bheith ann nach bhfuil ag feidhmiú ina iomláine. Ar na pointí atá le tabhairt san áireamh, arbh fhéidir úsáid a bhaint as an réiteach reatha mar fhréamhshamhail le córas níos fearr a fhorbairt. B’fhéidir nach bhfuil an réiteach reatha maith go leor agus b’fhéidir gur chóir athsmaoineamh a dhéanamh air; b’éigean dul ar ais chuig céim an deartha leis seo a dhéanamh.

Luacháil a Scríobh

A luaithe is atá do thionscadal críochnaithe, ní mór duit achoimre a dhéanamh maidir lena rathúla a bhí tú agus tú ag táirgeadh an réitigh deiridh. Ní mór duit do chuid **láidreachtaí** agus **laigí pearsanta** a phlé chomh maith le **láidreachtaí agus laigí do chórais deiridh**. Ba chóir duit **feabhsuithe** féideartha ar an réiteach a phlé fosta.

An roinn tástála agat, tabharfaidh sin a lán fianaise duit a léireoidh cé chomh maith agus a d'fheidhmigh an réiteach. Beidh a lán rudaí ann a chuaigh go maith ach seans go mbeadh rudaí ann nach raibh go hiomlán sásúil. Ní mór na pointí seo uilig a phlé i do luacháil.

Cuimhnigh go gcaithfidh tú tagairt a dhéanamh siar ar an rud a bhí beartaithe agat a dhéanamh agus plé a dhéanamh ar a fheabhas atá do réiteach maidir le do bhunaidhm a chomhlíonadh.

Mar thúsphointe, thiocfadh leat úsáid a bhaint as tábla cosúil leis an cheann seo thíos: (Tábla luachála bunaithe ar bhunachar sonraí cruthaithe do leabharlann)

Riachtanais Úsáideora	**Comhlíonta (tá/níl)**	**Fianaise**	**Luacháil**
Coinnigh taifead de na leabhair uilig ar leis an leabharlann iad	Tá	Tá foirm Stoic cruthaithe agam. Ligeann an fhoirm don leabharlannaí sonraí na leabhar sa leabharlann a iontráil agus a stóráil i dtábla	Tá an fhoirm furasta a úsáid agus tá cnaipe sábháil ann ionas gur féidir leis an leabharlannaí aon sonraí a iontráiltear a shábháil
Coinnigh taifead ar gach duine ar ball den leabharlann é nó í			
Coinnigh taifead ar gach stoc atá ar cíos			

Trí gach riachtanas úsáideora a ghlacadh ceann ar cheann agus an toradh a luacháil, tabharfaidh sin leid mhaith duit an bhfuil réiteach maith curtha i gcrích agat nó nach bhfuil. Agus sin ráite, má dhéanann tú luacháil ar na riachtanais úsáideora amháin ceann ar cheann, b'fhéidir go mbeadh cosúlacht air go bhfuil do réiteach rathúil, ach seans nach mbeadh an córas iomlán rathúil.

Ní mór duit a chinntiú go ndéantar luacháil ar an réiteach iomlán chomh maith leis na comhchodanna. Léireoidh seo cé chomh héifeachtach atá an réiteach. B'fhéidir go mbeadh réiteach feidhmiúil agat nach gcomhlíonann na riachtanais uilig, réiteach a chomhlíonann na riachtanais riachtanacha ach ní na cinn neamhriachtanacha. B'fhéidir go mbeadh forbairtí breise de dhíth ach tá an réiteach ag obair agus comhlíonann sé riachtanais an tionscadail seo go neamhiomlán.

Caithfear an réiteach a chur i bhfeidhm ar chóras reatha an úsáideora, mar sin de, beidh sé tábhachtach an t-ardán cuí a aithint a mbeidh an réiteach ag feidhmiú air. Ba chóir go mbeadh tagairt sa luacháil don leagan bogearraí ar cruthaíodh an réiteach air, don chóras oibriúcháin agus do na crua-earraí a úsáidtear. Ba chóir go mbeadh tráchtaireacht ann ag tagairt do chórais oibriúcháin mhalartacha agus d'ardáin chrua-earraí a dtiocfadh leis an réiteach a bheith comhoiriúnach leo.

© CCEA 2019